



## An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

### Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 4 2011

#### LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 7ú Márta 2012

##### Achoimre ar thorthaí ceannlíne – R4 2011

Príomhthorthaí R4 2011	Deireadh Fómhair-Nollaig 2011	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,807,800	-15,400
Dífhostaithe	302,000	+3,000
Sa Lucht Saothair	2,109,800	-12,400
Níl sa Lucht Saothair	1,395,500	+5,600

##### Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Bhí laghdú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 0.8% nó 15,400 sa bhliain chuig an gceathrú ráithe de 2011, ag tabhairt an líon dífhostaithe iomlán go 1,807,800.
- Ba é 38,100 an meánleibhéal fostaíochta in 2011, nó 2.1% níos ísle ná an leibhéal arna thaifeadadh in 2010. Leanann sé seo laghdú 80,700 nó 4.2% idir 2009 agus 2010.
- Ar bhonn choigeartú séasúrach, mhéadaigh fostaíocht faoi 10,000 (+0.6%) sa ráithe i gcomparáid le titim um choigeartú séasúrach de 14,400 (-0.8%) sa ráithe roimhe sin. Tá an fás seo sa líon daoine ar bhonn choigeartú séasúrach i bhfostaíocht ar an gcéad mhéadú dá leithéid ón chéad ráithe den bhliain 2007.

##### Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Mhéadaigh dífhostaíocht faoi 3,000 (+1.0%) sa bhliain go R4 2011. Tugann sé seo líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 302,000.
- B'ionann meánlíon na ndaoine dífhostaithe in 2011 agus 304,200, méadú 12,500 (+4.3%) i gcomparáid le meánlíon na ndaoine dífhostaithe in 2010 arbh ionann é agus 291,700.
- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 7.3% go 8.6% i gcaitheamh na bliana go R4 2011. Dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 60.3% den dífhostaíocht iomlán i R4 2011 i gcomparáid le 51.5% bliain roimhe sin.
- Níor tháinig athrú ar an ráta dífhostaíochta um choigeartú séasúrach i gcaitheamh na ráithe ag 14.6%.

##### Lucht Saothair

- Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa cheathrú ráithe den bhliain 2011 cothrom le 2,109,800, arb ionann sin agus laghdú 12,400 (-0.6%) i gcaitheamh na bliana

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0808 234 7581 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cs0.ie  
www.cs0.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le  
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491  
Facs 021 453 5492  
R-phost [labour@cso.ie](mailto:labour@cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*7 Márta 2012*

**– CRÍOCH –**